Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7263/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0058(NLE)**

**RECH 82**
**COASI 58**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 112 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 112 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2023) 112 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.3.2023
COM(2023) 112 final

ANNEX

**SENSITIVE**[*]

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais**

[*] Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

## IARSCRÍBHINN

**COMHAONTÚ IDIR an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Nua-Shéalainne, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais**

An tAontas Eorpach (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta),

de pháirt,

agus

An Nua-Shéalainn,

den pháirt eile,

(dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta),

AR MIAN LEO creat marthanach um chomhar idir na Páirtithe a bhunú, ar creat é lena ngabhfaidh coinníollacha soiléire maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais, mar aon le sásra lena n-éascaítear bunú na rannpháirtíochta sin i gcláir nó i ngníomhaíochtaí aonair an Aontais;

I bhFIANAISE spriocanna coiteanna, luachanna agus naisc láidre na bPáirtithe, a bunaíodh *inter alia* trí Chomhaontú Comhpháirtíochta 2016 maidir le Caidreamh agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile; agus Comhaontú 2008 maidir le Comhar Eolaíoch agus Teicneolaíoch idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas na Nua-Shéalainne, lena soláthraítear creat ginearálta le haghaidh comhoibriú sa taighde agus i réimsí ábhartha eile idir na Páirtithe agus ag aithint dóibh mhian chomhchoiteann na bPáirtithe a gcaidreamh agus an comhar eatarthu a fhorbairt, a neartú, a spreagadh agus a shíneadh a thuilleadh ann;

I bhFIANAISE iarrachtaí na bPáirtithe an fhreagairt a stiúradh trí dhul i gcomhar lena gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta ar mhaithe le daoine, an pláinéad agus an rathúnas i gClár Oibre na Náisiún Aontaithe 'I mbun athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', agus á admháil dóibh gur uirlisí fíor-riachtanacha iad an taighde agus an nuálaíocht agus gurb iad is mó a spreagann an fás inbhuanaithe a bheidh á threorú ag an nuálaíocht, an t-iomaíochas agus an tarraingteacht eacnamaíoch;

AG ADMHÁIL dóibh gurb é atá in *Te Tiriti o Waitangi*/Conradh Waitangi doiciméad bunúsach a bhfuil tábhacht bhunreachtúil leis sa Nua-Shéalainn;

Ag AITHINT dóibh an ríthábhacht a bhaineann leis na luachanna agus na prionsabail bhunúsacha chomhroinnte atá mar bhonn leis an gcomhar idirnáisiúnta idir na Páirtithe sa taighde agus sa nuálaíocht amhail eitic agus sláine sa taighde, sa chomhionannas inscne agus i gcomhdheiseanna, agus cuspóir comhroinnte na bPáirtithe an comhar idir na heagraíochtaí i réimse an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear ollscoileanna, agus malartú dea-chleachtas agus gairmeacha taighde tarraingteacha a chothú agus a éascú, soghluaisteacht trasteorann agus idirearnálach taighdeoirí a éascú, saorghluaiseacht eolais eolaíoch agus nuálaíochta eolaíche a chothú, an urraim don tsaoirse acadúil agus do shaoirse an taighde eolaíoch a chur chun cinn, tacú le hoideachas eolaíochta agus gníomhaíochtaí cumarsáide, agus, i gcás na Nua-Shéalainne, Mātauranga Māori a chur chun cinn agus a chosaint;

DE BHRÍ gur bunaíodh clár an Aontais Eorpaigh, Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (dá ngairtear 'an Clár Fís Eorpach' anseo feasta), le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

AG AITHINT DÓIBH na bprionsabal ginearálta mar a leagtar amach iad i Rialachán (AE) 2021/695;

AG AITHINT DÓIBH rún na bPáirtithe comhoibriú go frithpháirteach agus rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus na misin Eorpacha arb é is aidhm dóibh tacú le hiniúlachtaí taighde agus iad a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomh maith lena n-iomaíochas tionsclaíoch féin a dhoimhniú, agus, ina dhiaidh sin, tionchar claochlaitheach sistéamach a bhaint amach dár sochaithe chun tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), rud a théann chun tairbhe an dá Pháirtí;

AG CUR I dTÁBHACHT ról na gComhpháirtíochtaí Eorpacha a thugann aghaidh ar roinnt de na dúshláin is práinní atá san Eoraip trí bhíthin tionscnamh comhbheartaithe taighde agus nuálaíochta lena rannchuidítear go mór le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i réimse an taighde agus na nuálaíochta ina bhfuil gá le mais chriticiúil agus fís fhadtéarmach agus tábhacht rannpháirtíocht na dtíortha comhlachaithe sna Comhpháirtíochtaí sin;

AG AITHINT DÓIBH gur cheart go dtiocfadh sochair fhrithpháirteacha as rannpháirtíocht chómhalartach i gcláir thaighde agus nuálaíochta a chéile; agus á admháil dóibh go bhforchoimeádann na Páirtithe a gceart chun teorainn nó coinníoll a chur le rannpháirtíocht ina gcláir thaighde agus nuálaíochta; lena n-áirítear, go háirithe, i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil; agus, i gcás na Nua-Shéalainne, dualgais agus freagrachtaí rialtas na Nua-Shéalainne a bhaineann le *Te Tiriti o Waitangi*/Conradh Waitangi,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Ábhar

Leis an gComhaontú seo, bunaítear na rialacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht na Nua Shéalainne in aon chlár nó in aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais ("an Comhaontú").

*Airteagal 2*

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'bunghníomh':

> (i) gníomh dlí ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear clár, lena soláthraítear bunús dlí le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh chur chun feidhme an chaiteachais chomhfhreagraigh arna iontráil i mbuiséad an Aontais nó chur chun feidhme na

[1] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

ráthaíochta buiséadaí nó an chúnaimh airgeadais arna dtacú ag buiséad an Aontais, lena n-áirítear aon leasú agus aon ghníomh ábhartha d'institiúid de chuid an Aontais a fhorlíonann nó a chuireann an gníomh sin chun feidhme, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre, nó

(ii) gníomh dlí ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear gníomhaíocht arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais seachas na cláir, lena n-áirítear aon leasú agus aon ghníomh ábhartha d'institiúid de chuid an Aontais a fhorlíonann nó a chuireann an gníomh sin chun feidhme, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre;

(b) ciallaíonn 'comhaontaithe cistiúcháin' comhaontuithe a bhaineann le cláir agus gníomhaíochtaí faoi na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, a nglacann an Nua-Shéalainn páirt iontu, lena gcuirtear chun feidhme cistí ón Aontas amhail comhaontuithe deontais, comhaontuithe ranníocaíochta, comhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais, comhaontuithe maoiniúcháin agus comhaontuithe ráthaíochta;

(c) ciallaíonn 'rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chlár agus ghníomhaíocht an Aontais' rialacha arna leagan síos i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ('an Rialachán Airgeadais') a bhfuil feidhm acu maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus sa chlár oibre nó sna glaonna nó sna nósanna imeachta dámhachtana eile de chuid an Aontais;

(d) ciallaíonn 'nós imeachta dámhachtana de chuid an Aontais' nós imeachta maidir le cistiú ón Aontas Eorpach a dhámhachtain, ar nós imeachta é a sheolfaidh an tAontas Eorpach nó daoine nó eintitis a bhfuil sé de chúram orthu cistí ón Aontas a chur chun feidhme;

(e) ciallaíonn 'eintiteas de chuid na Nua-Shéalainne' aon chineál eintitis, cibé acu duine nádúrtha, duine dlítheanach nó eintiteas eile, a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i gclár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais i gcomhréir leis an mbunghníomh agus a bhfuil cónaí air sa Nua-Shéalainn nó atá bunaithe ansin;

(f) is éard is ciall le 'bliain airgeadais an Aontais' an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig.

*Airteagal 3*

An rannpháirtíocht a bhunú

(1) Ceadófar don Nua-Shéalainn páirt a ghlacadh i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais agus rannchuidiú leo, nó i gcodanna díobh ar bhonn eisceachtúil, atá oscailte le haghaidh rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne, i gcomhréir leis na bunghníomhartha agus mar a chumhdaítear leis na Prótacail.

(2) Leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i bhFís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) sa Phrótacal maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach –

[2] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027). De mhaolú ar Airteagal 15(8) den Chomhaontú seo, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú faoin gComhaontú seo an Prótacal sin a leasú faoi Airteagal 14 den Chomhaontú seo.

(3) De mhaolú ar Airteagal 15(8) den Chomhaontú seo, leagfar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne in aon chlár nó in aon ghníomhaíocht áirithe eile de chuid an Aontais sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo atá le glacadh agus le leasú ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 14 den Chomhaontú seo.

(4) Leis na Prótacail:

(a) sainaithneofar cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais, nó codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, a nglacfaidh an Nua-Shéalainn páirt iontu;

(b) leagfar síos fad na rannpháirtíochta, lena dtagrófar don tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh an Nua-Shéalainn agus eintitis na Nua-Shéalainne iarratas a dhéanamh ar chistiú ón Aontas Eorpach nó a fhéadfar cur chun feidhme cistí ón Aontas a chur de chúram orthu;

(c) leagfar síos coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne agus eintitis na Nua-Shéalainne, lena n-áirítear módúlachtaí sonracha maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha airgeadais mar a shainaithnítear faoi Airteagail 6 agus 7 den Chomhaontú seo, módúlachtaí sonracha an tsásra ceartúcháin mar a shainaithnítear faoi Airteagal 8 den Chomhaontú seo, agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i struchtúir arna gcruthú chun críocha na gclár agus na ngníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Comhlíonfaidh na coinníollacha sin an Comhaontú seo agus bunghníomhartha agus gníomhartha de chuid institiúid amháin nó níos mó den Aontas lena mbunaítear na struchtúir dhlíthiúla sin;

(d) i gcás inarb infheidhme, leagfar síos méid ranníocaíocht airgeadais na Nua-Shéalainne le clár an Aontais a chuirtear chun feidhme trí ionstraim airgeadais nó trí ráthaíocht bhuiséadach.

*Airteagal 4*

Comhlíontacht le rialacha an chláir nó na gníomhaíochta

(1) Glacfaidh an Nua-Shéalainn páirt i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais, nó i gcodanna díobh, a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhunaítear sa Chomhaontú seo, ina Phrótacail, sna bunghníomhartha agus i rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais.

(2) Áireofar an méid seo a leanas sna téarmaí agus sna coinníollacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) incháilitheacht eintitis na Nua-Shéalainne agus aon choinníoll incháilitheachta eile a bhaineann leis an Nua-Shéalainn, go háirithe leis an tionscnamh, leis an áit ghníomhaíochta nó leis an náisiúntacht;

(b) na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais a chur isteach, a mheasúnú agus a roghnú agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ag eintitis incháilithe na Nua-Shéalainne.

(3) Beidh na téarmaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 coibhéiseach leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le heintitis

na mBallstát incháilithe, lena n-áirítear urraim do bhearta sriantacha an Aontais Eorpaigh[3] mura bhforáiltear a mhalairt sna téarmaí agus sna coinníollacha dá dtagraítear i mír 1.

3 Is bearta sriantacha iad bearta sriantacha an Aontais Eorpaigh a ghlactar de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach nó an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**.**

*Airteagal 5*

Rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i rialachas clár nó gníomhaíochtaí

(1) Ceadófar d'ionadaithe nó do shaineolaithe na Nua-Shéalainne, nó do shaineolaithe arna n-ainmniú ag an Nua-Shéalainn, páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí mura rud é go mbaineann sé le pointí a fhorchoimeádtar do Bhallstáit, agus dóibh sin amháin, nó i ndáil le clár nó gníomhaíocht, nó cuid de, nach nglacann an Nua-Shéalainn páirt ann nó inti, sna coistí, i gcruinnithe na ngrúpaí saineolaithe nó sna cruinnithe comhchosúla eile a nglacann ionadaithe nó saineolaithe na mBallstát, nó saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, páirt iontu, agus a thugann cúnamh don Choimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme agus bainistiú na gclár agus na ngníomhaíochtaí, nó codanna díobh, a nglacann an Nua-Shéalainn páirt iontu i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú seo nó atá bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach i leith chur chun feidhme dhlí an Aontais i ndáil leis na cláir agus na gníomhaíochtaí sin, nó codanna díobh. Ionadaithe nó saineolaithe na Nua-Shéalainne, nó na saineolaithe arna n-ainmniú ag an Nua-Shéalainn, ní bheidh siad i láthair tráth na vótála. Cuirfear toradh na vótála in iúl don Nua-Shéalainn.

(2) I gcás nach ar bhonn náisiúntachta a cheapfar saineolaithe nó meastóirí, ní bheidh náisiúntacht ina cúis le náisiúnaigh de chuid na Nua-Shéalainne a eisiamh. Beidh aird chuí ar a freagrachtaí faoi *Te Tiriti o Waitangi* agus a náisiúnaithe á spreagadh aici chun bheith ina saineolaithe is iarrthóirí.

(3) Faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1, rialófar rannpháirtíocht ionadaithe na Nua-Shéalainne sna cruinnithe dá dtagraítear i mír 1, nó i gcruinnithe eile a bhaineann le cur chun feidhme clár nó gníomhaíochtaí, rialófar í leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta céanna is infheidhme maidir le hionadaithe na mBallstát, go háirithe cearta labhartha, faisnéis agus doiciméadacht a fháil mura rud é go mbaineann sé le pointí a fhorchoimeádtar do Bhallstáit, agus dóibh sin amháin, nó i ndáil le clár nó gníomhaíocht, nó cuid de, nach nglacann an Nua-Shéalainn páirt ann nó inti. Sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar módúlachtaí breise a shainmhíniú chun costais taistil agus chothaithe a aisíoc.

(4) Sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar módúlachtaí breise le haghaidh rannpháirtíocht na saineolaithe a shainmhíniú, mar aon le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne, i mboird rialúcháin agus i struchtúir arna gcruthú chun críocha chláir nó ghníomhaíochtaí an Aontais a shainmhínítear sa Phrótacal lena mbaineann a chur chun feidhme.

*Airteagal 6*

Coinníollacha airgeadais

(1) Rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne nó rannpháirtíocht eintitis na Nua-Shéalainne i gcláir nó i ngníomhaíochtaí an Aontais, nó i gcodanna díobh ar bhonn eisceachtúil, beidh sí faoi réir ranníocaíocht airgeadais ón Nua-Shéalainn leis an gcistiú comhfhreagrach faoi bhuiséad ginearálta an Aontais (dá ngairtear 'buiséad an Aontais' anseo feasta).

(2) Beidh an ranníocaíocht airgeadais, i leith gach cláir agus gníomhaíochta, nó codanna de ar bhonn eisceachtúil, i bhfoirm shuim na méideanna seo a leanas:

(a) ranníocaíocht oibríochtúil; agus

(b) táille rannpháirtíochta.

(3) Beidh an ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm íocaíochta bliantúla a dhéanfar i dtráthchuid amháin nó níos mó.

(4) Gan dochar do mhír 9 den Airteagal seo agus d'Airteagal 7, is 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil a bheidh sa táille rannpháirtíochta agus ní bheidh sí faoi réir coigeartuithe cúlghabhálacha. Ó 2028 ar aghaidh, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú faoin gComhaontú seo leibhéal na táille rannpháirtíochta a choigeartú.

(5) Cumhdófar leis an ranníocaíocht oibríochtúil caiteachas oibríochtúil agus caiteachas tacaíochta agus beidh sí sa bhreis, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon, ar na méideanna arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais Eorpaigh a ghlacfar go cinntitheach le haghaidh clár nó gníomhaíochtaí, nó codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, arna méadú, i gcás inarb iomchuí, le hioncam sannta seachtrach nach n-eascraíonn as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais ó dheontóirí eile, méideanna a chumhdaítear le gach Prótacal faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

(6) Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir Olltáirgeacht Intíre (OTI) na Nua-Shéalainne ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais Eorpaigh ag praghsanna an mhargaidh. Is iad seirbhísí tiomnaithe an Choimisiúin a chinnfidh na OTInna ag praghsanna an mhargaidh a bheidh le cur i bhfeidhm bunaithe ar na sonraí staidrimh is déanaí atá ar fáil do ríomhanna buiséid sa bhliain roimh an mbliain ina mbeidh an íocaíocht bhliantúil le híoc. Féadfar coigeartuithe ar an treoir ranníoca sin a leagan síos i bPrótacail faoi seach.

(7) Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar chur i bhfeidhm na treorach ranníoca ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas tosaigh, a mhéadófar mar a shainmhínítear i mír 5 den Airteagal seo, arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais Eorpaigh a ghlacfar go cinntitheach i leith na bliana is infheidhme chun cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais, nó codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, a mhaoiniú, a nglacann an Nua-Shéalainn páirt iontu.

(8) De mhaolú ar mhíreanna 6 agus 7 den Airteagal seo, is é bheidh i ranníocaíocht oibríochtúil na Nua-Shéalainne leis an gClár Fís Eorpach le haghaidh na mblianta 2023 go 2027 na méideanna seo a leanas:

2023 – EUR 2 110 000;

2024 – EUR 2 900 000;

2025 – EUR 4 200 000;

2026 – EUR 4 200 000;

2027 – EUR 5 040 000.

(9) Is é an luach seo a leanas an luach a bheidh ar an táille rannpháirtíochta dá tagraítear i mír 2, pointe (b), den Airteagal seo ó 2023 go 2027:

2023: 1.5 %;

2024: 2 %;

2025: 2.5 %;

2026: 3 %;

2027: 4 %.

(10) Arna iarraidh sin, soláthróidh an tAontas Eorpach don Nua-Shéalainn faisnéis i ndáil lena ranníocaíocht airgeadais mar a áirítear san fhaisnéis bhuiséadach, chuntasaíochta, feidhmíochta agus mheastóireachta arna soláthar d'údaráis bhuiséadacha agus d'údaráis um urscaoileadh an Aontais Eorpaigh maidir le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais, agus codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, a nglacann an Nua-Shéalainn páirt iontu. Soláthrófar an fhaisnéis sin agus aird chuí á tabhairt do rialacha rúndachta agus cosanta sonraí an Aontais agus na Nua-Shéalainne agus tá sí gan dochar don fhaisnéis atá an Nua-Shéalainn i dteideal a fháil faoi Airteagal 10 den Chomhaontú seo.

(11) Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile na Nua-Shéalainne nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh dlite nó le fáil.

(12) Leagtar amach forálacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo sna Prótacail lena mbaineann.

*Airteagal 7*

Cláir agus gníomhaíochtaí a bhfuil feidhm ag sásra coigeartaithe na ranníocaíochta oibríochtúla maidir leo

(1) I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i bPrótacal lena mbaineann, féadfar ranníocaíocht oibríochtúil chláir nó ghníomhaíochta, nó codanna de ar bhonn eisceachtúil, le haghaidh bhliain N a choigeartú go cúlghabhálach i mbliain amháin nó níos mó blianta ina dhiaidh sin ar bhonn na ngealltanas buiséadach a dhéanfar maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na bliana sin, agus ar bhonn chur chun feidhme a ngealltanas dlíthiúil agus a ngealltanas saortha.

(2) Sa bhliain N+1 a dhéanfar an chéad choigeartú nuair a choigeartófar an ranníocaíocht oibríochtúil de réir na difríochta idir an ranníocaíocht agus ranníocaíocht choigeartaithe arna ríomh trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú trí chur i bhfeidhm comhéifeachta i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal lena mbaineann, a chur i bhfeidhm maidir le suim:

(a) mhéid na ngealltanas buiséadach a rinneadh maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a údaraíodh i mbliain N faoi bhuiséad an Aontais a vótáladh agus maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha a chuirtear ar fáil arís; agus

(b) aon leithreasú ó ioncam sannta seachtrach nach dtagann as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear le gach Prótacal faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo agus a bhí ar fáil ag deireadh bhliain N.

(3) Gach bliain ina dhiaidh sin, go dtí go mbeidh na gealltanais bhuiséadacha uile a mhaoinítear faoi leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thionscnaítear ó bhliain N íoctha nó saortha agus 3 bliana ar a dhéanaí tar éis dheireadh an chláir nó tar éis dheireadh an chreata airgeadais ilbhliantúil a chomhfhreagraíonn do bhliain N, cibé acu is túisce, ríomhfaidh an tAontas coigeartú ar ranníocaíocht bhliain N trí ranníocaíocht na Nua-Shéalainne a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal faoi seach, a chur i bhfeidhm maidir leis na gealltanais saortha a rinneadh gach bliain maidir le gealltanais bhliain N a mhaoinítear faoi bhuiséad an Aontais nó ó ghealltanais saortha a chuirtear ar fáil arís.

(4) I gcás ina gcuirfear ar ceal na leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach nach dtagann as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear le gach Prótacal lena mbaineann a ghabhann leis an gComhaontú seo, déanfar ranníocaíocht na Nua-Shéalainne leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht Aontais faoi seach, nó codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal faoi seach, a chur i bhfeidhm maidir leis an méid a cuireadh ar ceal.

*Airteagal 8*

Cláir agus gníomhaíochtaí a bhfuil feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo

(1) Beidh feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch i ndáil leis na cláir agus na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, nó codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, ar ina leith a dhéantar foráil do chur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch i bPrótacal lena mbaineann. Féadfar cur i bhfeidhm an tsásra uathoibríoch ceartúcháin sin a theorannú do chodanna den chlár nó den ghníomhaíocht a shonraítear i bPrótacal faoi seach, codanna a chuirtear chun feidhme trí dheontais ar ina leith a eagraítear glaonna iomaíocha. Rialacha mionsonraithe maidir le sainaithint na gcodanna sin den chlár nó den ghníomhaíocht a mbeidh nó nach mbeidh feidhm ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, feadfar iad a bhunú sa Phrótacal faoi seach.

(2) Is éard a bheidh i méid an cheartúcháin uathoibríoch le haghaidh cláir nó gníomhaíochta, nó codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, an difríocht idir méideanna tosaigh na ngealltanas dlíthiúil a dhéanfar iarbhír leis an Nua-Shéalainn nó le heintitis na Nua-Shéalainne a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana i gceist agus an ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach a íocfaidh an Nua-Shéalainn de réir mar a choigeartófar de bhun Airteagal 7, má fhoráiltear leis an bPrótacal maidir le coigeartú den chineál sin, cé is moite de chaiteachas tacaíochta, lena gcumhdaítear an tréimhse chéanna.

(3) Rialacha mionsonraithe maidir le bunú mhéideanna ábhartha na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear i gcás cuibhreannas, agus rialacha mionsonraithe maidir le ríomh an cheartúcháin uathoibríoch, féadfar iad a leagan síos sa Phrótacal lena mbaineann.

*Airteagal 9*

Athbhreithnithe agus iniúchtaí

(1) Beidh sé de cheart ag an Aontas, i gcomhréir leis na gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus mar a fhoráiltear i gcomhaontuithe agus/nó i gconarthaí ábhartha, athbhreithnithe agus iniúchtaí teicniúla, eolaíocha, airgeadais, nó cineálacha eile athbhreithnithe agus iniúchtaí, a dhéanamh ar áitreabh aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Nua-Shéalainn nó ar áitreabh aon eintitis dhlítheanaigh atá bunaithe sa Nua-Shéalainn agus a fhaigheann cistiú ón Aontas, chomh maith le haon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chistí an Aontais atá ina chónaí nó bunaithe sa Nua-Shéalainn. Féadfaidh gníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, go háirithe gníomhairí an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí sin a dhéanamh, nó féadfaidh daoine eile, ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, iad a dhéanamh. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch na Nua-Shéalainne, gníomhóidh gníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais agus na daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh ar shlí atá comhsheasmhach le dlí na Nua-Shéalainne.

(2) Agus mír 1 den Airteagal seo á cur chun feidhme, beidh rochtain iomchuí ag gníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, go háirithe gníomhairí an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus na daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, ar láithreáin, oibreacha agus doiciméid (i leaganacha leictreonacha agus i leaganacha páipéir) agus ar an bhfaisnéis uile is gá chun na hiniúchtaí sin a dhéanamh, lena n-áirítear an ceart chun cóip

fhisiceach/leictreonach d'aon doiciméad nó d'ábhar aon mheán sonraí, agus sleachta ó na doiciméid sin, atá ag an duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi iniúchadh nó ag an tríú páirtí atá faoi iniúchadh.

(3) Ní chuirfidh an Nua-Shéalainn cosc ná aon bhac ar leith ar an gceart iontrála sa Nua-Shéalainn ná ar rochtain ar áitreabh na ngníomhairí agus na ndaoine eile dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar fhorais fheidhmiú a ndualgas dá dtagraítear san Airteagal seo.

(4) Féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí a dhéanamh freisin, tar éis chur i bhfeidhm an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí, de bhun Airteagal 15(4) de, tar éis scor an chur i bhfeidhm shealadaigh nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, ar bhonn na dtéarmaí a leagtar síos sna gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus dá bhforáiltear i gcomhaontuithe agus/nó i gconarthaí ábhartha i ndáil le haon ghealltanas dlíthiúil lena gcuirtear chun feidhme buiséad an Aontais ar gealltanas é a bheidh déanta ag an Aontas roimh an dáta óna ngabhfaidh éifeacht le fionraí chur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha, le scor an chur i bhfeidhm shealadaigh nó le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 10*

Neamhrialtachtaí, calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac

(1) Údarófar don Choimisiún Eorpach agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh i gcríoch na Nua-Shéalainne, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Déanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna mbunú leis na gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais dá bhforáiltear i gcomhaontuithe agus/nó conarthaí ábhartha. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch na Nua-Shéalainne, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach agus OLAF ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí na Nua-Shéalainne.

(2) Cuirfidh údaráis inniúla na Nua-Shéalainne an Coimisiún Eorpach nó OLAF ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnach ama faoi aon fhíoras nó amhras atá tugtha faoi deara acu i ndáil le neamhrialtacht, calaois nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.

(3) Agus mír 1 den Airteagal seo á chur chun feidhme, féadfar seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar áitreabh aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Nua-Shéalainn nó ar áitreabh aon eintitis dhlítheanaigh atá bunaithe sa Nua Shéalainn agus a fhaigheann cistí ón Aontas, chomh maith le haon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chistí an Aontais atá ina chónaí nó bunaithe sa Nua-Shéalainn.

(4) Is é an Coimisiún Eorpach nó OLAF, i ndlúthchomhar le húdarás inniúil na Nua-Shéalainne arna ainmniú ag rialtas na Nua-Shéalainne, a ullmhóidh agus a thabharfaidh i gcrích na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair. Tabharfar fógra, tréimhse réasúnach ama roimh ré, don údarás ainmnithe faoi aidhm, cuspóir agus bunús dlí na seiceálacha agus na gcigireachtaí, ionas go mbeidh sé in ann cúnamh a thabhairt. Chuige sin, féadfaidh oifigigh údaráis inniúla na Nua-Shéalainne páirt a ghlacadh sna seiceálacha agus sna cigireachtaí ar an láthair.

(5) Arna iarraidh sin d'údaráis na Nua-Shéalainne, féadfar na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go comhpháirteach leis an gCoimisiún Eorpach nó le OLAF.

(6) Beidh rochtain ag gníomhairí an Choimisiúin agus ag baill foirne OLAF ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht uile, lena n-áirítear sonraí ríomhaireachta, maidir leis na hoibríochtaí lena mbaineann, atá riachtanach chun na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh mar is cuí. Féadfaidh siad, go háirithe, doiciméid ábhartha a chóipeáil.

(7) I gcás ina gcuireann duine, eintiteas nó tríú páirtí eile i gcoinne seiceáil nó cigireacht ar an láthair, tabharfaidh údaráis na Nua-Shéalainne cúnamh, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le rialacha agus rialacháin náisiúnta, don Choimisiún Eorpach nó do OLAF, ionas gur féidir leo a ndualgas a chomhlíonadh maidir le seiceáil nó cigireacht ar an láthair a dhéanamh. Áireofar leis an gcúnamh sin na bearta réamhchúraim iomchuí a dhéanamh faoin dlí náisiúnta, go háirithe chun fianaise a chosaint.

(8) Cuirfidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF údaráis inniúla na Nua-Shéalainne ar an eolas faoi thoradh na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin. Tuairisceoidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF, go háirithe, a luaithe is féidir d'údarás inniúil na Nua-Shéalainne maidir le haon fhíoras nó aon amhras a bhaineann le neamhrialtacht atá tugtha faoi deara acu le linn na seiceála nó na cigireachta ar an láthair.

(9) Gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí coiriúil na Nua-Shéalainne, féadfaidh an Coimisiún Eorpach bearta agus pionóis riaracháin a fhorchur ar dhaoine dlítheanacha nó ar dhaoine nádúrtha de chuid na Nua-Shéalainne a ghlacann páirt i gcur chun feidhme cláir nó gníomhaíochta i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

(10) Chun críocha chur chun feidhme cuí an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne faisnéis a mhalartú go rialta agus, arna iarraidh sin do cheann de na páirtithe sa Chomhaontú seo, rachaidh siad i gcomhairle le chéile.

(11) Chun comhar agus malartú faisnéise éifeachtach le OLAF a éascú, ainmneoidh an Nua-Shéalainn pointe teagmhála.

(12) An malartú faisnéise a dhéanfar idir an Coimisiún Eorpach nó OLAF agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne, déanfar é agus aird chuí á tabhairt ar na ceanglais rúndachta. Na sonraí pearsanta a áireofar sa mhalartú faisnéise, cosnófar iad i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

(13) Oibreoidh údaráis na Nua-Shéalainne i gcomhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ionas go mbeidh siad in ann a ndualgas a chomhlíonadh maidir le déantóirí cionta coiriúla, agus a gcomhchoirithe, i gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

*Airteagal 11*

Leasuithe ar Airteagail 9 agus 10

Féadfaidh an Comhchoiste, faoin gComhaontú seo, Airteagail 9 agus 10 a leasú, go háirithe chun athruithe ar ghníomhartha ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais a chur san áireamh.

*Airteagal 12*

Aisghabháil agus forfheidhmiú

(1) Féadfaidh an Coimisiún Eorpach cinneadh a ghlacadh lena bhforchuirtear oibleagáid airgeadais ar eintiteas de chuid na Nua-Shéalainne cé is moite den Stát i ndáil le haon éileamh a eascraíonn as cláir, gníomhaíochtaí, gníomhartha nó tionscadail an Aontais. Mura ndéanann an t-eintiteas de chuid na Nua-Shéalainne íocaíocht laistigh den tréimhse fhorordaithe, tar éis fógra a bheith tugtha don eintiteas sin i gcomhréir le hAirteagal 13, tabharfaidh an Coimisiún fógra faoin gCinneadh don údarás inniúil arna ainmniú ag rialtas na Nua-Shéalainne, agus íocfaidh rialtas na Nua-Shéalainne leis an gCoimisiún méid aon oibleagáide airgid agus iarrfaidh sé aisíoc an mhéid sin ar an eintiteas de chuid na Nua-Shéalainne ar a fhorchuirtear an oibleagáid trína chomhaontuithe leis an eintiteas sin.

(2) Maidir le hin-fhorfheidhmitheacht breithiúnas agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh arna seachadadh mar chur i bhfeidhm clásail eadrána atá i gconradh nó i gcomhaontú i ndáil le cláir, gníomhaíochtaí, gníomhartha nó tionscadail de chuid an Aontais, chun an in-fhorfheidhmitheacht sin a áirithiú, i gcás ina bhfuil fógra tugtha don eintiteas ábhartha de chuid na Nua-Shéalainne faoi na breithiúnais nó na horduithe sin i gcomhréir le rialacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le fógra a thabhairt, agus nach n-íocann an t-eintiteas sin na méideanna arna mbunú laistigh de thréimhse dhá mí agus deich lá, tabharfaidh an Coimisiún fógra thar a cheann féin nó thar ceann na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ábhartha nó chomhlachtaí an Aontais arna mbunú faoi CFAE faoi bhreithiúnas nó ordú na Cúirte don údarás inniúil arna ainmniú ag rialtas na Nua-Shéalainne agus íocfaidh rialtas na Nua-Shéalainne leis an gCoimisiún méid aon oibleagáide airgid agus iarrfaidh sé aisíoc an mhéid sin ar an eintiteas de chuid na Nua-Shéalainne ar a bhforchuireadh an oibleagáid airgid trí na comhaontuithe atá aige leis an eintiteas sin.

(3) Cuirfidh rialtas na Nua-Shéalainne a údarás náisiúnta ainmnithe in iúl don Choimisiún.

(4) Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 agus forfheidhmiú na gcinntí sin a chur ar fionraí.

*Airteagal 13*

Cumarsáid, fógra agus malartú faisnéise

Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chláir nó ghníomhaíochtaí an Aontais, nó i rialú na gclár nó na ngníomhaíochtaí sin, beidh siad i dteideal cumarsáid a dhéanamh go díreach, lena n-áirítear trí chórais malartaithe leictreonaigh, le haon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Nua-Shéalainn nó le haon eintiteas dlítheanach atá bunaithe sa Nua-Shéalainn agus a fhaigheann cistiú ón Aontas, chomh maith le haon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chistiú an Aontais agus a bhfuil cónaí air sa Nua-Shéalainn nó atá bunaithe sa Nua-Shéalainn. Beidh an Coimisiún i dteideal cinntí, breithiúnais agus orduithe dá dtagraítear in Airteagal 12, míreanna 1 agus 2 den Chomhaontú seo a chur in iúl go díreach do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Nua-Shéalainn agus d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe sa Nua-Shéalainn. Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na tríú páirtithe sin an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha uile a chur go díreach

faoi bhráid institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, ar faisnéis agus doiciméadacht iad a cheanglaítear orthu a chur isteach ar bhonn reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le clár nó gníomhaíocht an Aontais agus ar bhonn na gconarthaí nó na gcomhaontuithe cistiúcháin arna dtabhairt i gcrích chun an clár nó an ghníomhaíocht sin a chur chun feidhme.

*Airteagal 14*

An Comhchoiste

1. Bunaítear an Comhchoiste leis seo. Áireofar an méid seo a leanas i gcúraimí an Chomhchoiste:

(a) measúnú, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus a Phrótacal, go háirithe:

(i) rannpháirtíocht agus feidhmíocht eintitis dhlítheanacha na Nua-Shéalainne i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais;

(ii) i gcás inarb ábhartha, leibhéal oscailteachta (frithpháirtí) na n-eintiteas dlítheanach atá bunaithe i ngach Páirtí páirt a ghlacadh i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Pháirtí eile, nó i gcodanna díobh ar bhonn eisceachtúil;

(iii) cur chun feidhme an tsásra ranníocaíochta airgeadais agus, i gcás inarb ábhartha, an tsásra ceartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(iv) malartú faisnéise, agus i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar aon cheist a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le saothrú torthaí, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla;

(b) plé a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, ar shrianta arna gcur i bhfeidhm nó atá beartaithe ag na Páirtithe ar an rochtain ar a gcláir thaighde agus nuálaíochta féin, lena n-áirítear go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil agus, i gcás na Nua-Shéalainne, cearta agus leasanna Māori faoi *Te Tiriti o Waitangi* a chosaint;

(c) scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir comhar a fheabhsú agus a fhorbairt;

(d) plé comhpháirteach a dhéanamh ar threoshuíomhanna agus ar thosaíochtaí na mbeartas a bheidh ann amach anseo a bhaineann le cláir nó gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(e) malartú faisnéise, *inter alia*, maidir le reachtaíocht nua, cinntí nua nó cláir náisiúnta nua atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus a Phrótacal;

(f) Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais, nó codanna díobh ar bhonn eisceachtúil, a ghlacadh, nó Prótacail den sórt sin a leasú de réir mar is gá, trí bhíthin cinnidh;

(g) Airteagail 9 agus 10 den Chomhaontú seo a leasú, go háirithe chun athruithe ar ghníomhartha ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais a chur san áireamh, trí bhíthin cinnidh.

(2) Is de chomhthoil a ghlacfar cinntí an Chomhchoiste. Sonrófar sa chinneadh ón gComhchoiste an dáta teacht i bhfeidhm nó, i gcás ina gceanglaítear sin le córas dlí intíre Páirtí, forálfar ann go dtiocfaidh leasuithe ar an gcomhaontú, Prótacail nua nó leasuithe orthu i bhfeidhm tar éis fógra i scríbhinn maidir le cur i gcrích aon cheanglais dlí agus nósanna imeachta de chuid na bPáirtithe.

(3) Déanfaidh an Comhchoiste, ar a mbeidh ionadaithe an Aontais agus na Nua-Shéalainne, a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

(4) Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh aon mheitheal/aon chomhlacht comhairleach a bhunú ar bhonn *ad hoc* ar leibhéal na saineolaithe a bheidh in ann cúnamh a thabhairt an Comhaontú seo a chur chun feidhme.

(5) Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus, i gcás ina gceanglaítear sin le himthosca speisialta, arna iarraidh sin d'aon Pháirtí. Déanfaidh an tAontas agus Rialtas na Nua-Shéalainne na cruinnithe a eagrú agus a óstáil ar bhonn idirmhalartach.

(6) Oibreoidh an Comhchoiste ar bhonn leanúnach trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú trí bhíthin aon mhodh cumarsáide; go háirithe a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht/feidhmíocht eintitis na Nua-Shéalainne. Féadfaidh an Comhchoiste, go háirithe, a chuid cúraimí a dhéanamh i scríbhinn aon uair is gá.

*Airteagal 15*

Forálacha críochnaitheacha

(1) Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin.

(2) Féadfaidh an tAontas agus an Nua-Shéalainn an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir lena gcuid nósanna imeachta inmheánacha agus reachtaíochta féin. Tosóidh an cur i bhfeidhm sealadach ar an dáta a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin.

(3) Sa chás ina dtabharfaidh an Nua-Shéalainn fógra don Choimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, nach gcuirfidh sí i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige ar an dáta a gheobhaidh an Coimisiún an fógra sin, arb éard a bheidh sa dáta sin an dáta scoir chun críocha an Chomhaontaithe seo.

Scoirfidh cinntí an Chomhchoiste d'fheidhm a bheith acu ar an dáta céanna.

(4) Féadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí i gcás neamhíocaíocht pháirteach nó neamhíocaíocht iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá le híoc ag an Nua-Shéalainn faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht an Aontais lena mbaineann.

I gcás neamhíocaíocht a d'fhéadfadh cur chun feidhme agus bainistiú chlár nó ghníomhaíocht ábhartha an Aontais a chur i mbaol go mór, seolfaidh an Coimisiún Eorpach litir mheabhrúcháin fhoirmiúil. I gcás nach ndéanfar aon íocaíocht laistigh de 20 lá oibre tar éis na litreach meabhrúcháin foirmiúla, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra don Nua-Shéalainn maidir le cur ar fionraí chur i bhfeidhm an

Phrótacail ábhartha trí litir fógra fhoirmiúil, fionraí a thiocfaidh i bhfeidhm 15 lá tar éis don Nua-Shéalainn an fógra sin a fháil.

I gcás ina gcuirfear cur i bhfeidhm an Phrótacail ar fionraí, ní bheidh eintitis na Nua-Shéalainne incháilithe páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana nach bhfuil tugtha i gcrích go fóill nuair a chuirfear an fhionraí i bhfeidhm. Measfar nós imeachta dámhachtana a bheith tugtha i gcrích nuair a ghlacfar gealltanais dhlíthiúla de láimh mar thoradh ar an nós imeachta sin.

Leis an bhfionraí, ní dhéanfar difear do na gealltanais dhlíthiúla arna nglacadh de láimh le heintitis na Nua-Shéalainne faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht ábhartha an Aontais sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm. Leanfaidh an Prótacal ábhartha d’fheidhm a bheith aige maidir le gealltanais dhlíthiúla den sórt sin.

Tabharfaidh an tAontas fógra láithreach don Nua-Shéalainn a luaithe a gheobhaidh an tAontas méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá dlite. Cuirfear deireadh leis an bhfionraí le héifeacht láithreach ar an bhfógra sin a thabhairt.

Ón dáta a chuirfear deireadh leis an bhfionraí, beidh eintitis na Nua-Shéalainne incháilithe arís le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana a sheolfar faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht ábhartha an Aontais tar éis an dáta sin agus le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana a seoladh roimh an dáta sin, ar nósanna imeachta dámhachtana iad nach bhfuil na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach dulta in éag.

(5) Féadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt go bhfuil sé beartaithe é a fhoirceannadh. Ní fhéadfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh, ach amháin ina iomláine. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm trí mhí féilire tar éis an dáta a gheobhaidh an seolaí an fógra i scríbhinn. Is éard a bheidh sa dáta foirceanta chun críocha an Chomhaontaithe seo, an dáta a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm.

(6) I gcás ina scoirfidh an Comhaontú seo d’fheidhm shealadach a bheith aige i gcomhréir le mír 3 nó i gcás ina ndéanfar é a fhoirceannadh i gcomhréir le mír 5, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) leanfar de thionscadail, gníomhartha agus gníomhaíochtaí, nó codanna díobh, a ndearnadh gealltanais dhlíthiúla a ghlacadh de láimh ina leith le linn chur i bhfeidhm sealadach agus/nó tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus sula scoirfidh an Comhaontú seo d’fheidhm a bheith aige nó sula ndéanfar é a fhoirceannadh, leanfar díobh go dtí go dtabharfar i gcrích iad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo;

(b) ranníocaíocht airgeadais bhliain N, leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha, ar lena linn a scoirfidh an Comhaontú seo d’fheidhm shealadach a bheith aige nó a dhéanfar é a fhoirceannadh, íocfar í ina hiomláine i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo agus le haon riail ábhartha eile sna Prótacail lena mbaineann. I gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil bhliain N leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú seo. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha bhliain N a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú seo agus a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 8 de. I gcás Cláir nó gníomhaíochtaí nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin maidir leo, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha bhliain N a cheartú i gcomhréir le

hAirteagal 8 den Chomhaontú seo. An táille rannpháirtíochta a íocfar le haghaidh bhliain N mar chuid den ranníocaíocht airgeadais leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha, ní dhéanfar í a choigeartú ná a cheartú.

(c) i gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, tar éis na bliana ar lena linn a scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige nó a dhéanfar é a fhoirceannadh, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla leis an gclár nó leis an gníomhaíocht ábhartha, a íocadh le haghaidh na mblianta ar lena linn a bhí feidhm ag an gComhaontú seo, a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú seo. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla sin a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 8. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla ábhartha a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo.

(7) Socróidh na Páirtithe de chomhthoil aon iarmhairt eile a ghabhann le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo a fhoirceannadh nó a scor.

(8) Ní fhéadfar an Comhaontú seo a leasú ach amháin i scríbhinn de chomhthoil na bPáirtithe. Leanfaidh teacht i bhfeidhm na leasuithe an nós imeachta céanna is infheidhme maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo mar a fhoráiltear le mír 1 den Airteagal seo.

(9) Cuid dhílis den Chomhaontú seo a bheidh sna Prótacail.

(10) Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin. I gcás ina mbeidh éagsúlacht sa léirmhíniú, is ag an téacs Béarla a bheidh an forlámhas.

Arna dhéanamh i/sa …, an … lá de … sa bhliain ...

*Thar ceann an Aontais Eorpaigh,*

*Thar ceann na Nua-Shéalainne,*

PRÓTACAL

maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)

*Airteagal 1*

Raon feidhme an chomhlachais

Glacfaidh an Nua-Shéalainn páirt mar thír chomhlachaithe i gColún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' den Chlár Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (an Clár Fís Eorpach), agus rannchuideoidh sí leis, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], agus a chuirtear chun feidhme trí bhíthin an chláir shonraigh arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle[5], sna leaganacha is cothroime le dáta díobh.

*Airteagal 2*

Coinníollacha breise na rannpháirtíochta sa Chlár Fís Eorpach

(1) Sula ndéanfar cinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil eintitis na Nua-Shéalainne incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/695, féadfaidh an Coimisiún faisnéis nó dearbhuithe sonracha a iarraidh, amhail:

(a) faisnéis maidir le cé acu a deonaíodh nó a dheonófar rochtain chómhalartach d'eintitis an Aontais ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí na Nua-Shéalainne, nó ar chodanna díobh, atá ann cheana agus atá beartaithe, ar cláir agus gníomhaíochtaí iad atá coibhéiseach leis an ngníomhaíocht Fís Eorpach lena mbaineann,

(b) faisnéis maidir le sásra náisiúnta um scagadh ar infheistíocht a bheith ag an Nua-Shéalainn agus dearbhuithe go ndéanfaidh údaráis na Nua-Shéalainne tuairisciú chuig an gCoimisiún agus go rachaidh siad i gcomhairle leis maidir le haon chás féideartha i gcás, agus sásra den chineál sin á chur i bhfeidhm, ina bhfaighidh siad eolas faoi infheistíocht eachtrach/táthcheangal atá beartaithe ag eintiteas atá bunaithe lasmuigh den Nua-Shéalainn, nó atá á rialú ó lasmuigh di, ar eintiteas de chuid na Nua-Shéalainne, a fuair cistiú ó Fhís Eorpach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais, ar choinníoll go soláthróidh an Coimisiún don Nua-Shéalainn liosta de na heintitis ábhartha de chuid na Nua-Shéalainne tar éis shíniú na gcomhaontuithe deontais leis na heintitis sin; agus

(c) dearbhuithe nach mbeidh aon cheann de na torthaí, na teicneolaíochtaí, na seirbhísí nó na táirgí arna bhforbairt faoi na gníomhaíochtaí lena mbaineann ag eintitis na Nua-Shéalainne faoi réir srianta ar a n-onnmhairiú chuig Ballstáit an Aontais le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na

---

4 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha do rannpháirtíocht agus do scaipeadh, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1).

5 Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO AE L 167, 12.5.2021, lch. 1).

gníomhaíochta. Roinnfidh an Nua-Shéalainn liosta cothrom le dáta de na srianta náisiúnta ar onnmhairiú ar bhonn bliantúil, le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na gníomhaíochta.

(2) Féadfaidh eintitis na Nua-Shéalainne páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), faoi théarmaí agus coinníollacha atá coibhéiseach leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le heintitis an Aontais ach amháin má tá gá le teorainneacha chun comhsheasmhacht a áirithiú le raon feidhme na rannpháirtíochta a eascraíonn as cur chun feidhme mhír 1 den Airteagal seo.

(3) Cuirfear an Nua-Shéalainn ar an eolas ar bhonn rialta maidir le gníomhaíochtaí JRC a bhaineann le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne sa Chlár, i gcláir oibre ilbhliantúla JRC go háirithe. Féadfar iarraidh ar ionadaí ar an Nua-Shéalainn freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe Bhord Gobharnóirí JRC i ndáil le pointe a bhaineann le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne sa Chlár.

(4) I gcás ina gcuirfidh an tAontas an Clár Fís Eorpach chun feidhme trí Airteagail 185 agus 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Nua-Shéalainn agus eintitis na Nua-Shéalainne páirt a ghlacadh sna struchtúir dhlíthiúla a chruthaítear faoi na forálacha sin, i gcomhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a glacadh nó a ghlacfar chun na struchtúir dhlíthiúla sin a bhunú.

(5) I bhfianaise rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gColún II d'Fís Eorpach, ba cheart an ceart a bheith ag ionadaithe ar an Nua-Shéalainn páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí sa choiste dá dtagraítear in Airteagal 14 de Chinneadh (AE) 2021/764 gan cearta vótála agus maidir le pointí a bhaineann leis an Nua-Shéalainn. Beidh an rannpháirtíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú. Is de réir grád barainne a aisíocfar costais taistil ionadaithe na Nua-Shéalainne chuig cruinnithe an Choiste. Maidir le gach ábhar eile beidh aisíoc costais taistil agus speansais chothaithe faoi réir ag na rialacha céanna is infheidhme maidir le hionadaithe ar Bhallstáit an Aontais.

(6) Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht, laistigh de chreat na bhforálacha, reachtaíochta agus/nó rialacháin rialtais atá ann cheana, chun saorghluaiseacht lena n-áirítear cuairteanna agus stiúradh taighde na ndaoine a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bPrótacal seo a éascú agus chun gluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí atá ceaptha lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí den sórt sin a éascú.

*Airteagal 3*

Cómhalartacht

Féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh i gcláir agus i ngníomhaíochtaí na Nua-Shéalainne, nó codanna díobh, atá coibhéiseach leis na cláir agus gníomhaíochtaí sin faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach i gcomhréir le córais náisiúnta na Nua-Shéalainne lena rialaítear an cistiú eolaíochta. I gcás nach soláthróidh an Nua-Shéalainn cistiú, féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh trí bhíthin a gcuid acmhainní féin.

Soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de chláir agus de ghníomhaíochtaí coibhéiseacha na Nua-Shéalainne, nó i gcásanna eisceachtúla codanna díobh, in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal seo.

*Airteagal 4*

An Eolaíocht Oscailte

Déanfaidh na Páirtithe cleachtais eolaíochta oscailte a chur chun cinn agus a spreagadh go frithpháirteach ina gcuid clár, tionscadal agus gníomhaíochtaí i gcomhréir le rialacha an Chláir Fís Eorpach agus le dlíthe, rialacháin agus beart taighde oscailte na Nua-Shéalainne, agus aird chuí á tabhairt ar oibleagáidí na Nua-Shéalainne faoi *Te Tiriti o Waitangi*.

*Airteagal 5*

Rialacha mionsonraithe maidir le ranníocaíocht airgeadais, sásra coigeartaithe agus sásra ceartúcháin uathoibríoch

(1) Beidh feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch i ndáil le ranníocaíocht oibríochtúil na Nua-Shéalainne leis an gClár Fís Eorpach. Ní bheidh feidhm ag an sásra coigeartuithe dá bhforáiltear faoi Airteagal 7 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais i ndáil le rannpháirtíocht oibríochtúil na Nua-Shéalainne leis an gClár Fís Eorpach.

(2) Beidh an sásra ceartúcháin uathoibríoch bunaithe ar fheidhmíocht na Nua-Shéalainne agus ar fheidhmíocht eintitis na Nua-Shéalainne sna codanna sin de Cholún II den Chlár Fís Eorpach a chuirtear chun feidhme trí dheontais iomaíocha.

(3) Leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal seo.

*Airteagal 6*

Forálacha críochnaitheacha

(1) Fanfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm chomh fada agus is gá chun go dtabharfar i gcrích na tionscadail, na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí uile, nó na codanna díobh, a mhaoineofar ó Cholún II den Chlár Fís Eorpach, na gníomhartha uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus na hoibleagáidí airgeadais uile a eascraíonn as cur chun feidhme an Phrótacail seo idir na Páirtithe.

(2) Beidh na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal seo ina gcuid dhílis den Phrótacal.

*Iarscríbhinn I: Rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais na Nua-Shéalainne leis an gClár Fís Eorpach (2021-2027)*

*Iarscríbhinn II: Liosta de chláir agus de ghníomhaíochtaí coibhéiseacha na Nua-Shéalainne, nó codanna díobh*

Iarscríbhinn I

Rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais na Nua-Shéalainne leis an gClár Fís Eorpach (2021-2027)

## I. Ranníocaíocht airgeadais na Nua-Shéalainne a ríomh

(1) Bunófar ranníocaíocht airgeadais na Nua-Shéalainne le Colún II den Chlár Fís Eorpach ar bhonn bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo.

(2) Bunófar táille rannpháirtíochta na Nua-Shéalainne agus déanfar í a chéimniú isteach i gcomhréir le hAirteagail 6(4) agus (9) den Chomhaontú seo.

(3) An ranníocaíocht oibríochtúil atá le híoc ag an Nua-Shéalainn i leith bhlianta airgeadais an Aontais 2023-2027, déanfar í a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6 (8) den Chomhaontú seo.

## II. Ranníocaíocht oibríochtúil na Nua-Shéalainne a cheartú go huathoibríoch

(1) Chun an ceartúchán uathoibríoch a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chomhaontú seo agus in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), beidh feidhm ag na módúlachtaí seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'deontais iomaíocha' deontais a dhámhtar trí ghlaonna ar thograí a sheoltar faoi Cholún II d'Fhís Eorpach inar féidir na tairbhithe deiridh a shainaithint tráth a ríomhtar an ceartúchán uathoibríoch. Eisiatar tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe mar a shainmhínítear in Airteagal 204 den Rialachán Airgeadais;

(b) i gcás ina síneofar gealltanas dlíthiúil le cuibhreannas, is iad na méideanna carnacha a leithdháiltear ar thairbhithe is eintitis de chuid na Nua-Shéalainne na méideanna a úsáidfear chun méideanna tosaigh an ghealltanais dhlíthiúil a bhunú i gcomhréir le miondealú táscach buiséid an chomhaontaithe deontais;

(c) bunófar méideanna uile na ngealltanas dlíthiúil a chomhfhreagraíonn do dheontais iomaíocha trí úsáid a bhaint as córas leictreonach an Choimisiúin Eorpaigh, eCorda, agus asbhainfear iad ar an dara Céadaoin i mí Feabhra na bliana N+2;

(d) ciallaíonn "costais neamh-idirghabhálacha" costais an Chláir seachas deontais iomaíocha, lena n-áirítear caiteachas tacaíochta, riarachán clárshonrach, gníomhaíochtaí eile[6];

(e) measfar gur costais neamh-idirghabhálacha iad na méideanna a leithdháiltear ar eagraíochtaí idirnáisiúnta mar eintitis dhlítheanacha arb iad an tairbhí[7] deiridh iad.

---

[6] I measc na ngníomhaíochtaí eile, áirítear go háirithe soláthar, duaiseanna, ionstraimí airgeadais, gníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, síntiúis (an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chomhordú Taighde (Eureka), an Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Chomhar maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (IPEEC), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), ...), saineolaithe (meastóirí, faireachán ar thionscadail), etc.

[7] Ní mheasfar gur costais neamh-idirghabhálacha iad eagraíochtaí idirnáisiúnta ach amháin más tairbhithe deiridh iad. Ní bheidh feidhm aige sin i gcás inar comhordaitheoir ar thionscadal í an eagraíocht idirnáisiúnta (agus cistí á ndáileadh ar chomhordaitheoirí eile).

(2) Cuirfear an sásra i bhfeidhm mar a leanas:

(a) Ceartúcháin uathoibríocha le haghaidh bhliain N i ndáil le forghníomhú leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i leith bhliain N, arna méadú i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Chomhaontú seo, cuirfear i bhfeidhm iad bunaithe ar shonraí bhliain N agus ar shonraí bhliain N+1 ó eCorda dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír (1) de phointe (II) den Iarscríbhinn seo i mbliain N+2. Is é an méid a bhreithneofar méid na ndeontas iomaíoch faoi Cholún II d'Fhís Eorpach a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, tráth a ríomhtar an ceartúchán.

(b) Ag tosú in N+2 agus suas go dtí 2029, déanfar méid an cheartúcháin uathoibríoch a ríomh le haghaidh bhliain N tríd an difríocht idir na nithe seo a leanas a ghlacadh:

i méid iomlán na-ndeontas iomaíoch arna gcionroinnt leis an Nua-Shéalainn nó le heintitis dhlítheanacha na Nua-Shéalainne faoi Cholún II d'Fhís Eorpach mar ghealltanais a rinneadh maidir le leithreasuithe buiséid bhliain N; agus

ii méid ranníocaíocht oibríochtúil na Nua-Shéalainne le haghaidh bhliain N arna iolrú faoin gcóimheas idir:

A méid na ndeontas iomaíoch arna dtabhairt ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N faoi Cholún II d'Fhís Eorpach, arna méadú i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Chomhaontú seo; agus

B iomlán na leithreasuithe buiséadacha údaraithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N faoi Cholún II d'Fhís Eorpach, lena n-áirítear costais neamh-idirghabhálacha.

III <u>**Íocaíocht rannaíocht airgeadais na Nua-Shéalainne agus íocaíocht an cheartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir le ranníocaíocht oibríochtúil na Nua-Shéalainne**</u>

(1) Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Nua-Shéalainn a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná tráth eisiúna an chéad ghlao ar chistí bhliain airgeadais an Aontais:

(a) méid na táille ranníocaíochta oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 6(8) den Chomhaontú seo;

(b) méid na táille rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 6(9) den Chomhaontú seo;

(c) ó bhliain N+2 maidir leis an gcuid den Chlár Fís Eorpach ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin chun an ceartúchán uathoibríoch, leibhéal na ngealltanas a tugadh i bhfabhar eintitis dhlítheanacha na Nua-Shéalainne faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach arna miondealú de réir bhliain chomhfhreagrach na leithreasuithe buiséadacha agus leibhéal iomlán gaolmhar na ngealltanas a ríomh.

(2) I mí an Mheithimh gach bliain airgeadais de chuid an Aontais ar a luaithe, eiseoidh an Coimisiún glao ar chistí chuig an Nua-Shéalainn a chomhfhreagraíonn le ranníocaíocht na Nua-Shéalainne faoin bPrótacal seo.

Leis na glaonna ar chistí, déanfar foráil maidir le híocaíocht ranníocaíocht na Nua-Shéalainne tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis eisiúint an ghlao ar chistí.

I gcás na chéad bhliana de chur chun feidhme an Phrótacail seo, eiseoidh an Coimisiún aon ghlao amháin ar chistí laistigh de 60 lá ó shíniú an Chomhaontaithe.

(3) Gach bliain ó 2025 ar aghaidh, léireofar sna glaonna ar chistí méid an cheartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir leis an ranníocaíocht oibríochtúil a íocfar le haghaidh bhliain N-2.

I gcás gach ceann de bhlianta airgeadais an Aontais 2028 agus 2029, an méid a thagann as an gcoigeartú uathoibríoch a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí oibríochtúla a íocfaidh an Nua-Shéalainn in 2025, 2026 agus 2027, dlite don Nua-Shéalainn nó dlite uaithi.

(4) Íocfaidh an Nua-Shéalainn a ranníocaíocht airgeadais faoin bPrótacal seo i gcomhréir le roinn III den Iarscríbhinn seo. In éagmais íocaíocht ag an Nua-Shéalainn faoin dáta dlite, seolfaidh an Coimisiún litir mheabhrúcháin fhoirmiúil.

Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta go n-íocfaidh an Nua-Shéalainn ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite.

Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, agus é sin méadaithe faoi thrí phointe céatadáin go leith.

Iarscríbhinn II

Liosta de chláir choibhéiseacha, gníomhaíochtaí
na Nua-Shéalainne nó codanna díobh

Is mar chláir agus gníomhaíochtaí na Nua-Shéalainne nó codanna díobh atá coibhéiseach le Colún II den Chlár Fís Eorpach a mheasfar an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas:

- Ciste Straitéiseach Catalaíoch;
- Ciste um Dhianiarracht;
- Ciste um Thaighde Sláinte;
- Dúshláin Eolaíochta Náisiúnta.